*Toscaireacht chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa*

**DCFE_PV(2021)1117_1**

# MIONTUAIRISCÍ

**an chruinnithe an 17 Samhain 2021, 16.15-18.45**

**An Bhruiséil**

**Seomra SPAAK 1A2**

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 16.30 Dé Céadaoin, 17 Samhain 2021, agus ba é Guy Verhofstadt (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.

***(I seomra iata)***

**1. Glacadh an chláir oibre** DCFE_OJ(2021)1117_1

Mhol an Cathaoirleach mír 4 ar an gclár oibre agus mír 5 ar an gclár oibre a ghlacadh mar chomhdhíospóireacht. Glacadh an clár oibre leis an athrú a moladh.

## 2. Fógraí an Chathaoirligh

Thug an Cathaoirleach tuairisc ar na cruinnithe a bhí aige le déanaí mar Chathaoirleach ar an Toscaireacht, lena n-áirítear freastal ar

- an t-idirphlé maidir le hAirteagal 17 PE le heaglaisí, comhlachais nó pobail reiligiúnacha, eagraíochtaí fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (16 Samhain 2021) agus
- Cruinniú Choiste Idirpharlaiminteach AFCO (ICM) (*"The expected of national Parliaments for the Conference on the Future of Europe"* [Ionchais na bParlaimintí náisiúnta maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa]) (9 Samhain 2021).

D'fhógair an Cathaoirleach go raibh sé ar intinn aige cruinniú comhpháirteach de Thoscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa agus de Thoscaireachtaí na bParlaimintí Náisiúnta a eagrú do Chruinniú Iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ar imeall Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, ar an 17 Feabhra 2022. Bheadh dréachtchlár oibre ann ina dhiaidh sin.

## 3. Malartú tuairimí ar eagrú Sheisiún Iomlánach agus Mheithleacha na Comhdhála

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe.

<u>Labhair na Comhaltaí seo a leanas</u>: Manfred WEBER, Gabriele BISCHOFF, Daniel FREUND, Gunnar BECK, Michiel HOOGEVEEN, Helmut SCHOLZ.

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche.

***(Sruthú gréasáin)***

## 4. Malartú tuairimí le daoine ó Cruinniú Eorpach um an Óige (EYE) an 8-9 Deireadh Fómhair 2021 a rinne a gcuid smaointe a roinnt ar na tograí a áirítear i dtuarascáil Smaointe na nÓg maidir le 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist/an óige, spórt, cultúr agus an t-oideachas/claochlú digiteach' agus 'daonlathas/luachanna na hEorpa, cearta, an smacht reachta, an tslándáil'

agus

## 5. Malartú tuairimí ar staid na himeartha maidir leis an gan Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (tuarascálacha eatramhacha Ardáin agus Painéil na Saoránach) maidir le 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist/an óige, spórt, cultúr agus an t-oideachas/claochlú digiteach' agus 'daonlathas/luachanna na hEorpa, cearta, an smacht reachta, an tslándáil'

(Comhdhíospóireacht)

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe.

Thug daoine den lucht tugtha smaointe ón gCruinniú Eorpach um an Óige (EYE), Niamh MCGOVERN (go cianda), Domokos KOVÁCS agus Kalojan HOFFMEISTER cur i láthair maidir le smaointe ó Thuarascáil Smaointe na hÓige a bhaineann leis na hábhair "*Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist/an óige, spórt, cultúr agus oideachas/claochlú digiteach*" agus "*Daonlathas/luachanna na hEorpa, cearta, an smacht reachta, an tslándáil.*"

Rinneadh an malartú tuairimí a roinnt ina dhiaidh sin i gcúig dhíospóireacht ar na fo-ábhair chomhfhreagracha, san ord seo a leanas: *'Daonlathas Eorpach'; 'Luachanna, cearta, an smacht reachta, an tslándáil'; 'An Claochlú Digiteach'; 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist'* agus *'An óige, spórt, cultúr agus oideachas'*.

<u>Labhair na Comhaltaí agus na haíonna seo a leanas</u>:

*'Daonlathas Eorpach':* Manfred WEBER, Domènec RUIZ DEVESA, Pascal DURAND, Daniel FREUND, Gunnar BECK, Helmut SCHOLZ, Pedro SILVA PEREIRA, Sandro GOZI, Manfred WEBER

*'Luachanna, cearta, an smacht reachta, an tslándáil':* Klára DOBREV, Daniel FREUND, Angel DZHAMBAZKI, Assita KANKO, Helmut SCHOLZ, Domokos KOVACS, Kalojan HOFFMEISTR, Angel DZHAMBAZKI

*'An Claochlú Digiteach':* Herbert DORFMANN

*'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist':* Guy VERHOFSTAT (do Iratxe GARCIA PEREZ), Gabriele BISCHOFF, Michiel HOOGEVEEN, Helmut SCHOLZ, Johan DANIELSSON

*"An óige, spórt, cultúr agus oideachas':* Guy VERHOFSTADT, Helmut SCHOLZ, Domokos KOVACS, Kalojan HOFFMEISTER, Niamh McGovern

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche.

## 4. Aon ghnó eile

## 5. Na chéad chruinnithe eile

8 Nollaig 2021 sa Bhruiséil.

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 18.43.

LIOSTA TINRIMH

ANGEL, BARRENA ARZA, BECK, BENTELE, BILČÍK, BISCHOFF, CHRISTOFOROU, CIMOSZEWICZ, DANIELSSON, DOBREV, DORFMANN, DURAND, DZHAMAZKI, FARRENG, FREUND, GOZI, HOOGEVEEN, KANKO, KARAS, KUBILIUS, MEBAREK, MEIMARAKIS, MUREȘAN, PICULA, PUIGDEMONT I CASAMAJÓ, RUIZ DEVESA, SCHIEDER, SCHOLZ, SILVA PEREIRA, TOIA, VERHOFSTADT, YENBOU